



IRISH TRANSLATORS' AND INTERPRETERS' ASSOCIATION  
CUMANN AISTRITHEOIRÍ AGUS ATEANGAIRÍ NA HÉIREANN

## Translation Competition for Secondary School Students – calling on all budding translators

The Irish Translators' and Interpreters' Association (ITIA) was set up in 1986 and is the only professional association in Ireland representing the interests of practising translators and interpreters.

Following the successful competitions in 2016 and 2017, the ITIA is once again organising a translation competition for secondary school students in Ireland and has added the Polish language.

A prize of €100 will be awarded to the best translation for each language.

Students are asked to translate an excerpt from a novel or short story from one of the following languages into English: French, Mandarin Chinese, German, Irish, Italian, Polish, Japanese or Spanish.

While students are encouraged to do online research and to use dictionaries, the use of a machine translation system such as Google Translate to actually translate the text is not permitted.

Please include your name, the name of your school and your year at school on your translation.

The deadline for receipt of translations is

**5 pm, Monday, 14<sup>th</sup> May 2018.**

Completed translations are to be sent **as a PDF attachment only**

(Save as: name-surname-language e.g. Mary-Smith-French to:

[competition2018@translatorsassociation.ie](mailto:competition2018@translatorsassociation.ie)

Translations submitted after the deadline will not be considered. The decision of the ITIA Executive Committee is final.

Winners will be announced in September 2018.

Please address all queries to: [competition2018@translatorsassociation.ie](mailto:competition2018@translatorsassociation.ie)

Please note: the competition is not open to the families of members of the ITIA.

ITIA, Irish Writers' Centre, 19 Parnell Square, Dublin 1 T: +353 87 673 83 86; E:

[info@translatorsassociation.ie](mailto:info@translatorsassociation.ie); W: [www.translatorsassociation.ie](http://www.translatorsassociation.ie)



IRISH TRANSLATORS' AND INTERPRETERS' ASSOCIATION  
CUMANN AISTRITHEOIRÍ AGUS ATEANGAIRÍ NA HÉIREANN

## Translation Competition for Secondary School Students Gaeilge

Níl léamh ar a bhfuil de scéalta ag seanchaithe Mhaigh Eo faoi Ghráinne Ní Mháille.

Timpeall an ama a raibh sí ina neart, thug Eilís, banríon Shasana, cuireadh do Ghráinne dul anonn chuici ar cuairt. Shíl Eilís go n-éireodh léi a dhéanamh le plámás agus bladar an rud a sháraigh uirthi a dhéanamh le lámh láidir, is é sin, géilleadh a bhaint de Ghráinne. Ach bhí barúil mhaith ag Gráinne cén gnó a bhí di thall, agus ar an ábhar sin bhí sí réidh leis an bhfód a sheasamh, fiú amháin thall i Londain.

Ghleas sí a cabhlach, agus scód níor tharraing sí gur bhain sí Londain amach. Bhí Eilís lách go leor léi ach níor thaispeáin Gráinne mórán umhlaíochta di. Ní go róshásta a bhí Eilís le hiompar agus neamhspleáchas Ghráinne, ach níor lig sí sin uirthi. Tharraing sí chuici an plámás ag súil go ngéillfeadh Gráinne, ach bhí Gráinne chomh teann léi féin, agus bogadh ní dhéanfadh sí. Nuair a bhí sáraithe ar ghliceas agus ar bhladar Eilíse gheall sí do Ghráinne, dá ngéillfeadh sí, go ndéanfadh sí banríon fúithi féin di, agus go dtabharfadh sí saibhreas agus talamh di. Tháinig ruibh feirge ar Ghráinne nuair a chuala sí sin agus d'ionsaigh sí Eilís thall ar a hurlár féin.

‘Nach dána an mhaise duit é,’ arsa Gráinne léi, ‘a rá go ndéanfá banríon díomsa? Bhí mise i mo bhanríon romhat féin, agus do dhúshlán mé a chur faoi smacht. Tusa banríon Shasana agus mise banríon an Iarthair, agus is beag mo bheann ort!’ Leis sin d’fhág sí Londain agus d’fhill abhaile.

Ar an mbealach abhaile di shéid sé ina stoirm agus b’éigean di cur isteach go cuan Bhinn Éadair gur lig an stoirm faoi. Chuaigh sí féin agus cuid dá hoifigigh i dtír chomh fada le chaisleán Bhinn Éadair. Bhí na doirse agus na geataí uilig druidte agus muintir an chaisleáin i gceann a ndinnéir. Ní raibh aon chaoi ag Gráinne le dul isteach agus chuir sin ar mire í, mar nach raibh aon chleachtadh aici ar a leithéid de dhoicheall. D’fhill sí síos i dtreo an chuain agus ar an mbealach síos di casadh páiste beag dathúil uirthi ag spraoi dó féin ar mhacha an chaisleáin. Sa chaint a bhí aici leis an malrach fuair si amach gurbh é oidhre óg an chaisleáin é. I ngeall ar an doicheall a fuair sí ag an gcaisleán d’fhuadaigh sí léi an gasúr siar go Contae Mhaigh Eo.

*(Fánaíocht i gContae Mhaigh Eo, Séamas Mag Uidhir)*